Treoirlínte na Dámhachtana

Le haghaidh tionscadal a thosófar in 2013

- Dámhachtain do Thionscadal Rannpháirtíochta sna hEalaíona
- Dámhachtain do Thionscadal Sorcais
- Dámhachtain do Thionscadal Damhsa
- Dámhachtain do Thionscadal Scannáin
- Dámhachtain do Thionscadal Ceoil
- Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta
- Dámhachtain do Thionscadal Físealaíon

TABHAIR FAOI DEARA: Tá athrú déanta ar Threoirlínte na Dámhachtana ón uair deiridh a rinneadh an dámhachtain seo a thairiscint. Ní mór duit na Treoirlínte seo a léamh ó thús deireadh sula ndéanfaidh tú iarratas.

Comhairle ghinearálta

- léigh Treoirlínte na Dámhachtana agus bí ar an eolas faoi conas suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid;
- tosaigh ag pleanáil an iarratais tamall maith roimh ré agus fág do dhóthain ama chun d'iarratas a chur isteach ar líne;
- cuimhnigh go mbeidh roinnt daoine páirteach i gcinneadh a dhéanamh faoi d'iarratas – mar sin bíodh d'iarratas soiléir, gonta agus ná glac leis go mbeidh aithne ag na measúnóirí ortsa ná ar do chuid oibre;
- bíodh tuiscint shoiléir réadúil agat ar a bhfuil tú ag iarraidh a dhéanamh agus ar an méid a chosnóidh do thogra;
- déan cinnte go bhfuil do bhuiséad soiléir, comhsheasmhach le do thogra agus go bhfuil na figiúirí oibrithe amach i gceart;
- déan deimhin de go gcuirfidh tú na hábhair tacaíochta atá riachtanach isteach le d'iarratas agus roghnaigh ábhair eile go cúramach;
- iarr ar dhuine eile súil a chaitheamh ar d'iarratas sula seolfaidh tú isteach é.

Clár Ábhar

Cuid 1

Faisnéis faoin **Dámhachtain do Thionscadal Rannpháirtíochta sna hEalaíona** Leathanach 3

Faisnéis faoin **Dámhachtain do Thionscadal Sorcais** Leathanach 6

Faisnéis faoin **Dámhachtain do Thionscadal Damhsa** Leathanach 8

Faisnéis faoin **Dámhachtain do Thionscadal Scannáin** Leathanach 11

Faisnéis faoin **Dámhachtain do Thionscadal Ceoil** Leathanach 14

Faisnéis faoin **Dámhachtain do Léiriúchán Ceoldráma** Leathanach 17

Faisnéis faoin **Dámhachtain do Thionscadal Físealaíon** Leathanach 21

Cuid 2

Conas Iarratas a Dhéanamh Leathanach 24

Cuid 3

Measúnú agus Próiseáil Leathanach 28

Cuid 4

Téarmaí agus Coinníollacha Leathanach 30

Cuid 5

Cabhair maidir le d'Iarratas Leathanach 33

Cuid 1 – Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadal Rannpháirtíochta sna hEalaíona

Ainm na dámhachtana	Dámhachtain do Thionscadal Rannpháirtíochta sna hEalaíona
Spriocdháta	5.30 i.n. Déardaoin, an 6 Meán Fómhair 2012

Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana	Tacaíonn an Dámhachtain do Thionscadal Rannpháirtíochta sna hEalaíona le tionscnaimh i réimse na Rannpháirtíochta sna hEalaíona a thosófar in 2013.
	
	Is é cuspóir na dámhachtana ná tacú le tograí ó ealaíontóirí nó ó eagraíochtaí ealaíon a oibríonn le grúpaí nó le pobail, agus ina gcuimsíonn na nithe seo a leanas:
	• cruthú nó léirmhíniú saothair a fhorbraítear trí phróiseas comhoibríoch;
	• cur i láthair saothair a fhorbraítear trí phróiseas comhoibríoch;
	• modheolaíochtaí soiléire rannpháirtíochta agus comhoibrithe a dhéanamh, ina bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:
	  o tugtar luach do mhianta cruthaitheacha gach rannpháirtí agus deiseanna á soláthar do dhúshlán ealaíne;
	  o cinntítear go dtugtar aird ar an gcáilíocht ealaíonta agus ar cháilíocht an chaidrimh idir an t-ealaíontóir agus na rannpháirtithe ag gach staid den phróiseas (m.sh. i bpleanáil, i ndéantús agus i measúnú an tsaothair);
	  o léirítear tacaíocht ghníomhach agus tiomantas ó gach rannpháirtí agus ó gach comhpháirtí, lena n-áirítear tuiscint shoiléir ar róil agus ar obair na gcomhpháirtithe;
	  o comhtháthaítear meicníochtaí a ndearnadh machnamh cúramach orthu maidir le comhoibriú le heochair-oibrithe (nuair a bhíonn sé ábhartha) agus áirítear traenáil agus tacaíocht (más gá);
	  o léirítear tuiscint atá ábhartha don togra ar an gcleachtas reatha maidir le rannpháirtíocht sna healaíona in Éirinn, agus ar an acmhainneacht atá ann chun tionchar fadtéarmach agus inbhuanaithe a imirt ar scileanna, ar uaillmhianta agus ar bheartas ealaíne.
	
	Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis an méid seo a leanas a aithint mar thosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh tacaíochta tríd an dámhachtain seo:
	• tionscadail lena ndírítear ar na comhthéacsanna seo a leanas: sláinte, míchumas, ilchineálacht chultúrtha, daoine breacaosta, agus pobail áite nó spéise.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	Tá an dámhachtain oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí nach bhfaigheann maoiniú faoi phríomhchláir deontais ar bith de chuid na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil), agus dóibh sin amháin. Tá eagraíochtaí ar cuireadh in iúl dóibh i scríbhinn go dtiocfaidh deireadh lena ndeontas athfhillteach ón gComhairle Ealaíon ar nó roimh an 31 Márta 2013 i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach. Tá eagraíochtaí atá lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann i dteideal iarratas a dhéanamh; caithfidh a leithéid d'eagraíochtaí a thaispeáint, áfach, go ndéanfar príomhthairbhe aon togra atá beartaithe a sheachadadh i bPoblacht na hÉireann. Más mar dhuine aonair a dhéanfaidh tú iarratas, is gá gur rugadh i bPoblacht na hÉireann thú nó go bhfuil tú i do chónaí i bPoblacht na hÉireann.
Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	Áirítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh: • daoine aonair nó eagraíochtaí a oibríonn i réimse na n-ealaíon agus na sláinte, áit a bhfuil teiripe mar phríomhaidhm nó mar thoradh an togra. Ní thacaíonn an

Chomhairle Ealaíon ach amháin le tograí ealaíon agus sláinte ina dtugtar tús áite do thorthaí ealaíne taobh leo siúd a bhaineann le sláinte agus folláine;

- Daoine nó eagraíochtaí atá ag obair sa réimse ealaíon agus pobal sa chás gur leanaí nó daoine óga iad an príomhghrúpa sprice, ach amháin má leagtar an bhéim chéanna ar chleachtas ó ghlúin go glúin, na healaíona agus an tsláinte, na healaíona agus an míchumas, nó na healaíona agus an éagsúlacht chultúrtha. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi thacaíochtaí na Comhairle Ealaíon do dhaoine óga agus do leanaí féach: http://www.artscouncil.ie/ga/areas-of-work/young_people_children_and_the_arts.aspx
- Eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi aon cheann de phríomhchláir maoinithe na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil);
- Daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair.

Céard ar féidir leat cur isteach air

Is í an dámhachtain is airde atá ar fáil ná €40,000. D'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do thionscadail uaillmhianacha ar an leibhéal is airde den scála seo; ach is dóigh go mbeidh an mheán-dámhachtain cuid mhaith níos ísle. Moltar duit comhairle a lorg ón gComhairle Ealaíon tamall maith roimh duit iarratas a dhéanamh.

Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais a mheas a bhaineann go sainiúil le saothrú ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ina sonraítear na costais bhreise sin.

Céard nach féidir leat cur isteach air

Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain amháin do gach cineál tionscadail (níos mó ná foirm ealaíne/cleachtas ealaíon amháin) in aon bhabhta maoinithe amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá:

- mórcheannacháin chaipitiúla;
- príomhchostais leanúnacha;
- gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana;
- gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, Cultúr Éireann san áireamh;
- gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas;
- gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí brabúsmhara go príomha;
- gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.

Ábhar tacaíochta riachtanach

Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe faoin dámhachtain seo ní mór duit an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais:

- CV de chuid gach ealaíontóra atá páirteach sa tionscadal atá beartaithe;
- samplaí de shaothar a rinneadh cheana nó de shaothar ábhartha;
- litreacha nó doiciméadúchán tacaíochta ó eagraíochtaí comhpháirteacha nuair is cuí;
- buiséad mionsonraithe don ghníomhaíocht atá beartaithe, ina léirítear go soiléir rátaí pá agus ioncam ó fhoinsí eile.

Má tá obair le leanaí agus daoine óga i gceist le do thogra, ní mór duit ráiteas a sholáthar ina ndéantar cur síos ar do chód cleachtais maidir le leas agus cosaint leanaí.

TABHAIR FAOI DEARA – ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta cruachóipe. Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta

	riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú.
Critéir chun iarratais a mheasúnú	Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na 3 chritéar seo a leanas: • Fiúntas ealaíne • Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh • Indéantacht Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir i g**Cuid 3 – Measúnú agus Próiseáil**

Cuid 1 – Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadal Sorcais

Ainm na dámhachtana	Dámhachtain do Thionscadal Sorcais
Spriocdháta	5.30 i.n. Déardaoin, an 6 Meán Fómhair 2012
Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana	Tacaíonn an Dámhachtain do Thionscadal Sorcais le tionscnaimh i réimse an tSorcais a bheidh ar siúl in 2013. Is é príomhchuspóir na dámhachtana seo ná forbairt agus/nó déanamh saothar nó cleachtas oibre nua a éascú. Is iad seo a leanas na tograí sorcais a d'fhéadfadh a bheith i gceist: • tograí a bhfuil disciplíní sorcais éagsúla i gceist leo taobh istigh de thaibhléiriú atá bunaithe ar théama; • tograí a thugann deis d'ealaíontóirí obair le daoine gairmiúla, mar shampla córagrafaithe, léiritheoirí, agus dearthóirí cultacha d'fhonn saothar a chruthú atá nua do na healaíontóirí agus don lucht féachana araon; • tograí a chuireann ar chumas ealaíontóirí saothair a chruthú a athraíonn a gcoincheapa féin faoi chleachtais oibre reatha; • tograí a chuireann amanna cleachtaidh oiriúnacha ar fáil, a ligeann d'ealaíontóirí teorainneacha an tsorcais chomhaimseartha nó thraidisiúnta a ghrinniú sula léirítear an saothar go poiblí. Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis an méid seo a leanas a aithint mar thosaíocht straitéiseach le haghaidh tacaíochta tríd an dámhachtain seo: • tionscadail a dhíríonn ar lucht féachana agus ar nasc a dhéanamh leo • tionscadail a bhfuil gné oiliúna nó meantóireachta i gceist leo • tionscadail a léiríonn indéantacht trí fhoinsí eile ioncaim a bheith acu nó trí chomhpháirtíochtaí eile a chruthú
Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	Tá an dámhachtain oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí <u>nach</u> bhfaigheann maoiniú faoi phríomhchláir deontais ar bith de chuid na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil), agus dóibh sin amháin. Tá eagraíochtaí ar cuireadh in iúl dóibh i scríbhinn go dtiocfaidh deireadh lena ndeontas athfhillteach ón gComhairle Ealaíon ar nó roimh an 31 Márta 2013 i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach. Tá eagraíochtaí atá lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann i dteideal iarratas a dhéanamh; caithfidh a leithéid d'eagraíochtaí a thaispeáint, áfach, go ndéanfar príomhthairbhe aon togra atá beartaithe a sheachadadh i bPoblacht na hÉireann. Más mar dhuine aonair a dhéanfaidh tú iarratas, is gá gur rugadh i bPoblacht na hÉireann thú nó go bhfuil tú i do chónaí i bPoblacht na hÉireann.
Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	Áirítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh: • Eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi aon cheann de phríomhchláir maoinithe na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil); • daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair.

Céard ar féidir leat cur isteach air	Is í an dámhachtain is airde atá ar fáil ná **€20,000**. Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais a mheas a bhaineann go sainiúil le saothrú ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ina sonraítear na costais bhreise sin.
Céard nach féidir leat cur isteach air	Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain amháin do gach cineál tionscadail (níos mó ná foirm ealaíne/cleachtas ealaíon amháin) in aon bhabhta maoinithe amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá: • mórcheannacháin chaipitiúla; • príomhchostais leanúnacha; • gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana; • gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, Cultúr Éireann san áireamh; • gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas; • gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí brabúsmhara go príomha; • gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.
Ábhar tacaíochta riachtanach	Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe faoin dámhachtain seo **ní mór duit** an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais: • cv na n-ealaíontóirí go léir atá i gceist • doiciméadúchán físeáin de léiriúcháin ábhartha a rinneadh roimhe seo Féadfaidh tú na nithe seo a leanas a chur isteach freisin: • buiséad mionsonraithe ina leagtar amach na costais ar fad lena n-áirítear táillí do phearsanra Má tá obair le leanaí agus daoine óga i gceist le do thogra, ní mór duit ráiteas a sholáthar ina ndéantar cur síos ar do chód cleachtais maidir le leas agus cosaint leanaí. **TABHAIR FAOI DEARA – ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta cruachóipe.** Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú.
Critéir chun iarratais a mheasúnú	Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe faoi na 3 chritéar seo a leanas: • Fiúntas ealaíne • Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh • Indéantacht Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir i g**Cuid 3 – Measúnú agus Próiseáil**.

Cuid 1 – Maidir leis an Dámhachtain do Thionscadal Damhsa

Ainm na dámhachtana	Dámhachtain do Thionscadal Damhsa
Spriocdháta	5.30 i.n. Déardaoin an 6 Meán Fómhair 2012
Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana	Tacaíonn an Dámhachtain do Thionscadal Damhsa le tionscnaimh i réimse an Damhsa a thosófar in 2013. Is é cuspóir na dámhachtana tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh neamhspleácha uaillmhianacha, ar ardchaighdeán, a dhéanann cur i láthair do lucht féachana nó do phobal go sonrach, nó a théann i mbun rannpháirtíochta leo. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha: • tograí atá beartaithe ag ealaíontóirí damhsa atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil taithí dhá bhliain acu ar a laghad ar an damhsa gairmiúil; féadfar suas le €20,000 a bhronnadh orthu sin; • tograí atá beartaithe ag ealaíontóirí damhsa a bhfuil taithí ghairmiúil cúig bliana nó níos mó acu; féadfaidh na healaíontóirí sin iarratas a dhéanamh ar suas le €40,000 Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis an méid seo a leanas a aithint mar thosaíocht straitéiseach le haghaidh tacaíochta tríd an dámhachtain seo: • tionscadail a dhéanann iarracht lucht féachana damhsa a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le hionad láithrithe, féile nó líonra amháin nó níos mó; • tionscadail a thugann fianaise shoiléir ar ioncam ó oifig na dticéad agus ó fhoinsí eile atá níos airde ná an deontas atá á lorg (m.sh. ioncam ó chomhpháirtíochtaí, urraíochtaí, comhaontuithe comhléirithe náisiúnta/idirnáisiúnta, ioncam comhchineáil, comhlachtaí maoinithe breise srl); • tionscadail a chruthaíonn deiseanna le fad a chur le ré an tsaothair trí ionaid taibhléirithe eile a shocrú taobh istigh de pharaiméadair fhinideacha an tionscadail.
Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	Tá an dámhachtain oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí <u>nach</u> bhfaigheann maoiniú faoi phríomhchláir deontais ar bith de chuid na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil), agus dóibh sin amháin. Tá eagraíochtaí ar cuireadh in iúl dóibh i scríbhinn go dtiocfaidh deireadh lena ndeontas athfhillteach ón gComhairle Ealaíon ar nó roimh an 31 Márta 2013 i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach. Tá eagraíochtaí atá lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann i dteideal iarratas a dhéanamh; caithfidh a leithéid d'eagraíochtaí a thaispeáint, áfach, go ndéanfar príomhthairbhe aon togra atá beartaithe a sheachadadh i bPoblacht na hÉireann. Más mar dhuine aonair a dhéanfaidh tú iarratas, is gá gur rugadh i bPoblacht na hÉireann thú nó go bhfuil tú i do chónaí i bPoblacht na hÉireann.

Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	Áirítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh: • Eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi aon cheann de phríomhchláir maoinithe na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil); • daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair.
Céard ar féidir leat cur isteach air	Is í an dámhachtain is airde atá ar fáil ná €40,000. Ní dóigh go mbronnfar níos mó ná €20,000 ar ealaíontóirí damhsa atá i mbéal a réime agus a bhfuil níos lú ná taithí ghairmiúil 5 bliana acu. Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais a mheas a bhaineann go sainiúil le saothrú ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ina sonraítear na costais bhreise sin.
Céard nach féidir leat cur isteach air	Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain amháin do gach cineál tionscadail (níos mó ná foirm ealaíne/cleachtas ealaíon amháin) in aon bhabhta maoinithe amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá: • tionscadail nach bhfuil i gceist leo ach camchuairt léiriúcháin atá ann cheana féin; • mórcheannacháin chaipitiúla; • príomhchostais leanúnacha; • gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana; • gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, Cultúr Éireann san áireamh; • gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas; • gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí brabúsmhara go príomha; • gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.
Ábhar tacaíochta riachtanach	Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe faoin dámhachtain seo **ní mór duit** an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais: • cv na n-ealaíontóirí go léir atá i gceist; • gearrthóga físeáin ina léirítear samplaí de shaothar a rinneadh le déanaí; • fianaise maidir le haon chomhpháirtíochtaí nó tacaíocht comhchineáil maidir le léiriúchán (ní mór an fhianaise a sheoladh isteach i bhfoirm scríofa agus ar bhealach trína léirítear go soiléir paraiméadair na gcomhpháirtíochta agus/nó na tacaíochta airgeadais atá beartaithe. Mar shampla, d'fhéadfadh litir tairisceana, comhaontaithe, ráitis tacaíochta srl a bheith i gceist); • buiséad mionsonraithe ioncaim agus caiteachais i dteannta leis an buiséid a leagtar síos sa bhfoirm iarratais. Má tá obair le leanaí agus daoine óga i gceist le do thogra, ní mór duit ráiteas a sholáthar ina ndéantar cur síos ar do chód cleachtais maidir le leas agus cosaint leanaí. **TABHAIR FAOI DEARA – ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar**

	líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta cruachóipe. Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú.
Critéir chun iarratais a mheasúnú	Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na 3 chritéar seo a leanas: • Fiúntas ealaíne • Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh • Indéantacht Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir i g**Cuid 3 – Measúnú agus Próiseáil**.

Cuid 1 – Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadal Scannáin

Ainm na dámhachtana	Dámhachtain do Thionscadal Scannáin
Spriocdháta	5.30 i.n. Déardaoin an 6 Meán Fómhair 2012
Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana	Tacaíonn an dámhachtain le tionscadail a thosófar in 2013. Tá dhá shraith ag baint leis an Dámhachtain do Thionscadal Scannáin. Is í **Sraith 1** príomhshraith na Dámhachtana do Thionscadal Scannáin agus is chuici sin atá an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil. Is é cuspóir na sraithe seo ná tacaíocht a sholáthar do scannánaíocht uaillmhianach ardchaighdeáin atá turgnamhach agus cruthaitheach, agus ar beag an seans go dtabharfadh foinsí maoinithe eile maoiniú di. Ba cheart don obair a bheith déanta i bhfoirm scannáin leis an aidhm dul i ngleic le lucht féachana agus dúshlán a thabhairt dóibh. Ba cheart é a bheith déanta le taispeáint i bpictiúrlanna ar an gcéad dul síos, cé go bhféadfadh sé go mbeadh é á thaispeáint i gcomhthéacsanna eile agus ar mheáin digiteacha ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha: • tá siad turgnamhach ó thaobh foirme nó inneachair de; • tá struchtúr neamhscéalach acu; • tá úsáid chruthaitheach á baint as teicneolaíochtaí nua acu. Tabhair faoi deara gur cheart do thionscadail íomhánna gluaiseachta atá le taispeáint i ngailearaí iarratas a dhéanamh faoin Dámhachtain do Thionscadal Físealaíon. Is é an aidhm atá le **Sraith 2** den Dámhachtain do Thionscadal Scannáin ná tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ó ealaíontóirí nó eagraíochtaí a chuireann deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí nó don lucht féachana dul i ngleic ar bhealach cruthaitheach le cultúr na scannánaíochta. Is iad na tionscadail a d'fhéadfadh a bheith i gceist: • iad sin a chuirfidh cláir scannánaíochta i gcomhthéacs ar fáil do lucht féachana nach mbeadh rochtain acu orthu murach sin; • iad sin a chuireann deiseanna nua ar fáil chun dioscúrsa chriticiúil a dhéanamh ar scannánaíocht agus/nó ar chultúr scannánaíochta.
Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	Tá an dámhachtain oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí nach bhfaigheann maoiniú faoi phríomhchláir deontais ar bith de chuid na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil), agus dóibh sin amháin. Tá eagraíochtaí ar cuireadh in iúl dóibh i scríbhinn go dtiocfaidh deireadh lena ndeontas athfhillteach ón gComhairle Ealaíon ar nó roimh an 31 Márta 2013 i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach. Tá eagraíochtaí atá lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann i dteideal iarratas a dhéanamh; caithfidh a leithéid d'eagraíochtaí a thaispeáint, áfach, go ndéanfar príomhthairbhe aon togra atá beartaithe a sheachadadh i bPoblacht na hÉireann. Más mar dhuine aonair a dhéanfaidh tú iarratas, is gá gur rugadh i bPoblacht na

hÉireann thú nó go bhfuil tú i do chónaí i bPoblacht na hÉireann.

Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	Áirítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh: • Eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi aon cheann de phríomhchláir maoinithe na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil); • Daoine atá i mbun oideachas fochéime nó iarchéime faoi láthair.
Céard ar féidir leat cur isteach air	Is dócha go mbeidh an dámhachtain is airde atá ar fáil thart ar €50,000. **TABHAIR FAOI DEARA:** Ní féidir leat iarratas ar thacaíocht a dhéanamh ach faoi shraith amháin den dámhachtain in aon bhabhta maoinithe ar leith. Ní mór duit an tsraith ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat a chur in iúl go soiléir ar d'fhoirm iarratais. Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais a mheas a bhaineann go sainiúil le saothrú ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ina sonraítear na costais bhreise sin.
Céard nach féidir leat cur isteach air	Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain amháin do gach cineál tionscadail (in aon fhoirm ealaíne, in aon chleachtas ealaíon nó in aon sraith) in aon bhabhta maoinithe amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá: • forbairt scripte nó tionscadail; • scannáin choinbhinsiúnacha (lena n-áirítear cláir faisnéise, beochan agus gearrscannáin phríomhshrutha) agus drámaí teilifíse; • tionscadail íomhánna gluaiseachta atá le taispeáint i ngailearaí; • mórcheannacháin chaipitiúla; • príomhchostais leanúnacha; • gníomhaíochtaí agus costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana; • gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil in ionaid fhoirmiúla oideachais; • gníomhaíochtaí atá dírithe ar ghnó na scannánaíochta; • gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó atá á feidhmiú ag gníomhaireachtaí eile stáit, lena n-áirítear craoltóirí, Bord Scannán na hÉireann nó Cultúr Éireann; • gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas; • gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí brabúsmhara go príomha; • gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.
Ábhar tacaíochta riachtanach	Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe faoin dámhachtain seo **ní mór duit** an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais. Sraith 1: • **CV nó beathaisnéis mhionsonraithe** an ealaíontóra scannán a bheadh mar údar an tsaothair bheartaithe; • samplaí de **shaothar scannánaíochta a rinneadh le déanaí** ina léirítear cleachtas scannánaíochta an ealaíontóra agus a bheidh mar bhunsraith faoin saothar atá beartaithe. Ba cheart dóibh sin a bheith i bhfoirm 3 shliocht 10

nóiméad ar a mhéad, agus níor cheart iad a chur i láthair mar sheóspól. Ní fhéachfar ar aon URL mar chuid den phróiseas measúnaithe mura bhfuil siad óstáilte ag 'youtube' Ní fhéachfar ar ábhar arna óstáil ag suíomhanna Gréasáin eile agus measfar d'iarratas a bheith neamh-incháilithe;

- **cur síos** ar an saothar atá beartaithe, ina ndírítear ar an nádúr turgnamhach atá aige;
- **straitéis taispeántas** i gcomhair an tsaothair atá beartaithe.

Ní mór gach mír a uaslódáil uaithi féin, agus ní mór na míreanna a lipéadú go soiléir.

Sraith 2

- **Próifíl na cuideachta agus/nó CVanna** na ndaoine a chuirfeadh i bhfeidhm an tionscnamh atá beartaithe;
- sonraí faoi **thorthaí ionchais** an tionscadail atá beartaithe.

Má tá obair le leanaí agus daoine óga i gceist le do thogra, ní mór duit ráiteas a sholáthar ina ndéantar cur síos ar do chód cleachtais maidir le leas agus cosaint leanaí.

TABHAIR FAOI DEARA – ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta cruachóipe. Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta atá riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú agus measfar é a bheith neamhbhailí.

Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na 3 chritéar seo a leanas:

- Fiúntas ealaíne
- Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh
- Indéantacht

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir i g**Cuid 3 – Measúnú agus Próiseáil**.

Cuid 1 – Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadal Ceoil

Ainm na dámhachtana	Dámhachtain do Thionscadal Ceoil
Spriocdháta	5.30 i.n. Déardaoin an 6 Meán Fómhair 2012
Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana	Tacaíonn an Dámhachtain do Thionscadal Ceoil le tionscnaimh i réimse an cheoil a thosófar in 2013. **Tabhair faoi deara go moltar do cheoltóirí atá ag obair i réimse an cheoil thraidisiúnta iarratas a dhéanamh ar na dámhachtana tiomanta arna dtairiscint trí na hEalaíona Traidisiúnta.** Is é cuspóir na dámhachtana seo tacú le tionscadail neamhspleácha lena saibhrítear réimse an cheoil trí chur ar chumas ealaíontóirí tionscadail nuálacha, uaillmhianacha ar ardchaighdeán a chur os comhair lucht féachana nó éisteachta. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha: • cruthú agus/nó cur i láthair saothair nua; • deiseanna forbartha suntasacha a chur ar fáil do chleachtóirí; • is tograí iad atá díríthe ar thaibhléirithe (ceolchoirmeacha agus sraitheanna ceolchoirmeacha) agus ar repertoire nua don lucht éisteachta thar gach seánra ceoil, nó tabharfar taithí uathúil tríothu do dhaoine sa gcomhthéacs ina bhfuil sé i gceist iad a léiriú, m.sh: repertoire le daoine móra le rá idirnáisiúnta nach gcuirtear i láthair go minic in Éirinn; tionscadail dara léiriúchán le saothair Éireannacha atá ann cheana féin; repertoire le daoine stairiúla, idir Éireannaigh agus eachtrannaigh, a ndéantar neamhaird orthu; • an ceol a thabhairt isteach i gcomhthéacsanna nua nó a chur i láthair lucht éisteachta nua agus forbairt a dhéanamh ar na slite ina gcuirtear ceol i láthair daoine; • tionscadail ealaíonta ardchaighdeáin ina léirítear cur chuige láidir agus samhailteach ó thaobh na coimeádaíochta. Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis an méid seo a leanas a aithint mar thosaíocht straitéiseach le haghaidh tacaíochta tríd an dámhachtain seo: • tionscadail córúla atá uaillmhianach agus gairmiúil, lena n-áirítear iad siúd ina ndéantar ceol córúil na hÉireann (ceo nua san áireamh) a sceidealadh; • tionscadail neamhspleácha forbartha de chuid cór (m.sh. ceardlanna teicniúla, tionscnaimh amharc-chanadh) atá bainteach le taibhléiriú ar repertoire córúil níos leithne nó dul i mbun oibre le cleachtóirí córúla; • iarratasóirí a théann i mbun próisis chruthaitheacha chomhoibritheacha nó cheaptha.
Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	Tá an dámhachtain oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí lena n-áirítear ealaíontóirí, gairmithe ealaíon, grúpaí ealaíontóirí agus ensembles. Tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí nach bhfaigheann maoiniú faoi phríomhchláir deontais ar bith de chuid na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil), agus dóibh sin amháin. Tá eagraíochtaí ar cuireadh in iúl dóibh i scríbhinn go dtiocfaidh deireadh lena ndeontas athfhillteach ón gComhairle Ealaíon ar nó roimh an 31 Márta 2013 i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach. Tá eagraíochtaí atá lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann i dteideal

	iarratas a dhéanamh; caithfidh a leithéid d'eagraíochtaí a thaispeáint, áfach, go ndéanfar príomhthairbhe aon togra atá beartaithe a sheachadadh i bPoblacht na hÉireann. Más mar dhuine aonair a dhéanfaidh tú iarratas, is gá gur rugadh i bPoblacht na hÉireann thú nó go bhfuil tú i do chónaí i bPoblacht na hÉireann.
Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	Áirítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh: • eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi aon cheann de phríomhchláir maoinithe na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil); • daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair.
Céard ar féidir leat cur isteach air	Is í an dámhachtain is airde atá ar fáil ná €35,000. **Tabhair faoi deara** – Sa bhliain 2012, chuir an Chomhairle Ealaíon tacaíocht ar fáil do 21 togra faoin scéim seo thar dhá bhabhta. Ar an meán, ba é €16,000 a dámhadh. Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais a mheas a bhaineann go sainiúil le saothrú ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ina sonraítear na costais bhreise sin.
Céard nach féidir leat cur isteach air	Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain amháin do gach cineál tionscadail (níos mó ná foirm ealaíne/cleachtas ealaíon amháin) in aon bhabhta maoinithe amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá: • mórcheannacháin chaipitiúla; • príomhchostais leanúnacha; • gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana; • tionscadail neamhspleácha taifeadta (féach ar an Scéim Taifeadta Ceoil atá á riaradh ag Music Network); • tionscadail camchuairte (féach an Scéim Camchuairte agus Scaipthe Saothair); • gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó ag Music Network, nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí eile stáit, lena n-áirítear Cultúr Éireann; • gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas; Tabhair faoi deara: ós rud é go dtógfaidh sé suas le 12 sheachtain ón dáta deiridh le haghaidh na dámhachtana seo cinneadh a dhéanamh maidir le d'iarratas, níor cheart tús a chur le gníomhaíochtaí go dtí go mbeidh an tréimhse sin thart. • gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí brabúsmhara go príomha; • gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.
Ábhar tacaíochta riachtanach	Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe faoin dámhachtain seo ní mór duit an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais: • CVanna na n-ealaíontóirí go léir; • taifeadtaí agus samplaí de shaothar ábhartha eile nó de shaothar roimhe a rinne na príomhealaíontóirí; • buiséad mionsonraithe don ghníomhaíocht atá beartaithe, lena n-áirítear na rátaí pá atá beartaithe do gach duine a bheidh rannpháirteach inti – ba cheart na rátaí pá a bheith réalaíoch agus i gcomhréir le leibhéal na taithí gairmiúla atá ag na cleachtóirí; • litir nó doiciméadúchán tacaíochta ó eagraíocht chomhpháirteach nuair is cuí;

- fianaise ar fhoinsí eile tacaíochta airgeadais nó ar urraíochta sa chás ina bhfuil a leithéid i gceist.

Is féidir leat aon ábhar eile a shíleann tú a bheith ábhartha don iarratas a chur isteach freisin. I gcás comhaid fuaime a bheith á n-uaslódáil, ba cheart iad a aithint go cruinn trí úsáid a bhaint as an gcoinbhinsiún ainmníochta seo a leanas: Cumadóir – taibheoirí/ensemble – ainm an fhuaimriain.

Má tá obair le leanaí agus daoine óga i gceist le do thogra, ní mór duit ráiteas a sholáthar ina ndéantar cur síos ar do chód cleachtais maidir le leas agus cosaint leanaí.

TABHAIR FAOI DEARA – ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta cruachóipe. Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú.

Critéir chun iarratais a mheasúnú	Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na 3 chritéar seo a leanas: • Fiúntas ealaíne • Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh • Indéantacht Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir **i gCuid 3 – Measúnú agus Próiseáil.**

Cuid 1 – Maidir leis an Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta

Ainm na dámhachtana	Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta
Spriocdháta	5.30 i.n. Déardaoin an 6 Meán Fómhair 2012
Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana	Tacaíonn an Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta le tionscnaimh i réimse na ceoldrámaíochta a bheidh ar siúl in 2013. Tá sé i gceist go dtabharfaí tacaíocht d'fhorbairt agus / nó do léiriú saothair nua leis an dámhachtain sin, ar scála beag thar dhá sraith oibre. • **Sraith 1** – Forbairt na Ceoldrámaíochta • **Sraith 2** – Cur i láthair na Ceoldrámaíochta **Sraith 1 – Forbairt na Ceoldrámaíochta:** Is é cuspóir na sraithe forbartha ná forbairt tuairimí i gcomhair saothair nua a éascú i gcomhthéacs comhoibríoch. Tá béim na dámhachtana seo ar nuáil agus ar dhéanamh turgnamh. Tá sé i gceist go dtabharfaí tacaíocht d'ealaíontóirí agus d'fhoirne cruthaitheacha leis an dámhachtain seo chun smaointe nua a fhorbairt thar thréimhse ama gan an riachtanas toradh a gcuid oibre a chur i láthair lucht féachana go foirmiúil. Tabharfar tús áite do thograí ina ndéantar an méid seo a leanas: • dírítear ar smaointe nua a fhorbairt trí nuálaíocht agus trí dhéanamh turgnamh; • léirítear fócas ar chineálacha éagsúla comhoibrithe; • cuirtear deiseanna forbartha suntasacha ar fáil do chleachtóirí; • cuirtear fianaise ar fáil go bhfuil ardchaighdeán ealaíonta ag baint leis an togra. Cuirfear cuntas teiste na bpríomhealaíontóirí san áireamh. **Sraith 2 – Cur i láthair na Ceoldrámaíochta:** Is é cuspóir na sraithe maidir le cur i láthair ná éascú a dhéanamh ar chur i láthair saothar nua, nuálach, turgnamhach a chruthaítear i gcomhthéacs comhoibritheach trína gcuirtear taithí uathúil nó sainiúil ceoldrámaíochta ar fáil do chleachtóirí agus don lucht féachana. Ní mór d'iarratasóirí faoi shraith 2 a bheith ábalta a chur in iúl go soiléir go bhfuil an tionscadal indéanta ar bhonn tiomantais ó léiritheoir sainoilte, amhail compántas léiriúcháin, amharclann/ionad, féile sheanbhunaithe agus/nó eagraíocht ealaíon eile. Tabharfar tús áite do thograí ina bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh: • cuirtear ceoldrámaíocht nua a chur i láthair; • dírítear ar cheoldrámaíocht a chur i láthair lucht féachana nua nó ar fhorbairt a dhéanamh ar na slite ina gcuirtear an cheoldrámaíocht i láthair daoine; • léirítear fianaise ar chumas maidir leis an tionscadal a chur i gcrích go rathúil m.sh. trí chur chuige ó chomhpháirtíochtaí breisluacha; • is tionscadail ealaíonta ardchaighdeáin iad ina léirítear cur chuige láidir agus samhailteach. Cuirfear cuntas teiste na bpríomhealaíontóirí san áireamh.
Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	Tá an dámhachtain oscailte do dhaoine aonair, do ghrúpaí daoine atá ag obair i gcomhar le chéile agus d'eagraíochtaí.

Tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí **nach** bhfaigheann maoiniú faoi aon cheann de chláir deontais ar bith den Chomhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil) agus dóibh sin amháin. Tá eagraíochtaí ar cuireadh in iúl dóibh i scríbhinn go dtiocfaidh deireadh lena ndeontas athfhillteach ón gComhairle Ealaíon ar nó roimh an 31 Márta 2013 i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach.

Cé nach bhfuil eagraíochtaí a fhaigheann cúnamh deontais (Eagraíochtaí a Mhaoinítear go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontais do Chláir Bliantúla) i dteideal iarratas a dhéanamh, táthar ag súil go bhféadfadh eagraíochtaí maoinithe a bhfuil sé de chumas acu ceoldrámaíocht a chur i láthair mar chuid de chlár níos leithne (m.sh. compántais cheoldrámaíochta, ionaid agus féilte) ról a bheith acu ag tacú le hiarratais nó a bheith mar chomhpháirtithe sna hiarratais sin don tsraith den dámhachtain maidir le cur i láthair (agus d'fhéadfadh ról a bheith acu freisin sa tsraith maidir le forbairt). I gcásanna den chineál sin, ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil an tacaíocht atá á tairiscint agus ról beartaithe an eagraíochta atá maoinithe sa bhreis ar na gníomhaíochtaí dá bhfuil maoiniú lárnach faighte ag an eagraíocht, agus deighilte uathu.

Tá eagraíochtaí atá lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann i dteideal iarratas a dhéanamh; caithfidh a leithéid d'eagraíochtaí a thaispeáint, áfach, go ndéanfar príomhthairbhe aon togra atá beartaithe a sheachadadh i bPoblacht na hÉireann.

Más mar dhuine aonair a dhéanfaidh tú iarratas, is gá gur rugadh i bPoblacht na hÉireann thú nó go bhfuil tú i do chónaí i bPoblacht na hÉireann.

Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Áirítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair
- eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi phríomhchlár deontais ar bith de chuid na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil);

Céard ar féidir leat cur isteach air

Tá dhá bhanda maoinithe ar fáil a bhaineann leis an dá shraith den Dámhachtain Tionscadal Ceoldrámaíochta:

- Sraith 1 – Forbairt na Ceoldrámaíochta – suimeanna suas go huasmhéid €20,000
- Sraith 2 – Cur i láthair na Ceoldrámaíochta – suimeanna suas go huasmhéid €80,000

Moltar d'iarratasóirí a bheith réalaíoch ó thaobh an leibhéil maoinithe atá á lorg agus an chuid den chaiteachas foriomlán a bheidh léirithe ann. Spreagtar iarratasóirí mar sin a léiriú go soiléir conas a chuideoidh sruthanna ioncaim eile lena chinntiú go mbeifear in ann na tograí a chur ar bun.

TABHAIR FAOI DEARA: Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ach ar shraith amháin in aon bhabhta agus **ní mór duit** an tsraith ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat a aithint go soiléir ar d'fhoirm iarratais.

Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais a mheas a bhaineann go sainiúil le saothrú ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ina sonraítear na costais bhreise sin.

Céard nach féidir leat cur

Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain amháin do gach cineál tionscadail (in aon fhoirm ealaíne, in aon chleachtas ealaíon nó in aon sraith) in

isteach air

aon bhabhta maoinithe amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá:

- mórcheannacháin chaipitiúla;
- príomhchostais leanúnacha;
- gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana;
- gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtana eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna bhfeidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, Cultúr Éireann san áireamh;
- gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas; Tabhair faoi deara: ós rud é go dtógfaidh sé suas le 12 sheachtain ón dáta deiridh le haghaidh na dámhachtana seo cinneadh a dhéanamh maidir le d'iarratas, níor cheart tús a chur le gníomhaíochtaí go dtí go mbeidh an tréimhse sin **thart**.
- gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí brabúsmhara go príomha;
- gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.

Ábhar tacaíochta riachtanach

Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe faoin dámhachtain seo **ní mór duit an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais**:

- CVanna na n-ealaíontóirí go léir;
- taifeadtaí/comhaid físe/taifeadtaí fuaime agus samplaí de shaothar ábhartha eile nó de shaothar roimhe seo de chuid na bpríomhealaíontóirí;
- i gcás tograí maidir le saothar nua, ní mór scór an tsaothair agus/nó scóir do shaothair a cumadh roimhe sin (3 cinn ar a mhéid) **a sheoladh isteach i bhfoirm chruachóipe;**
- buiséad mionsonraithe don ghníomhaíocht atá beartaithe, lena n-áirítear na rátaí pá atá beartaithe do gach duine a bheidh rannpháirteach inti – ba cheart na rátaí pá a bheith réalaíoch agus i gcomhréir le leibhéal na taithí gairmiúla atá ag na cleachtóirí;
- litreacha nó doiciméadúchán tacaíochta ó chomhpháirtithe, idir dhaoine aonair agus eagraíochtaí;
- fianaise ar thacaíocht airgeadais eile, lena n-áirítear airgead tirim agus/nó ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomhpháirtithe agus urraíocht nuair is cuí;

Féadfaidh tú an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach freisin (níl sé riachtanach):

- Fianaise ar scaipeadh poiblí saothair roimhe seo más ábhartha (léirmheasanna, meastóireachtaí criticiúla, nó aiseolas ón lucht féachana, mar shampla).

I gcás comhaid fuaime a bheith á n-uaslódáil, ba cheart iad a aithint go cruinn trí úsáid a bhaint as an gcoinbhinsiún ainmníochta seo a leanas:

- Cumadóir – seinnteoirí/ensemble – ainm an riain

Má tá obair le leanaí agus daoine óga i gceist le do thogra, ní mór duit ráiteas a sholáthar ina ndéantar cur síos ar do chód cleachtais maidir le leas agus cosaint leanaí.

Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach atá mionsonraithe thuas isteach, measfar go huathoibríoch go mbeidh d'iarratas neamh-incháilithe agus ní dhéanfar é a mheas.

<u>Ní mór</u> gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne cé is moite de scóir cheoil. <u>NÍ MÓR</u> SCÓIR CHEOIL A SHEOLADH I gCRUACHÓIP AMHÁIN.

Nuair is ábhartha, caithfidh ábhar tacaíochta (**scóir cheoil**) cruachóipe a bheith leis an gComhairle Ealaíon roimh an spriocdháta foilsithe agus a bheith curtha isteach i gclúdach litreach atá **lipéadaithe go soiléir le:**

- **d'ainm**
- **do ARN**
- **Dámhachtain do Thionscadal Ceoldrámaíochta**

Iarrfar ort ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne a insint an bhfuil tú chun aon ábhar a chur isteach i gcruachóip.

Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na 3 chritéar seo a leanas:

- Fiúntas ealaíne
- Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh
- Indéantacht

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir **i gCuid 3 – Measúnú agus Próiseáil.**

Cuid 1 – Maidir leis an Dámhachtain do Thionscadal Físealaíon

Ainm na dámhachtana	Dámhachtain do Thionscadal Físealaíon
Spriocdháta	5.30 i.n. Déardaoin an 6 Meán Fómhair 2012
Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana	Tá dhá shraith sa Dámhachtain do Thionscadal Físealaíon. Cuirtear tacaíocht ar fáil i Sraith 1 do thionscadail atá tiomanta do chruthú saothair nua sna físealaíona, agus cuirtear tacaíocht ar fáil i Sraith 2 do thionscnaimh ina ndírítear go sainiúil ar an lucht féachana, amhail taispeántais, foilseacháin agus imeachtaí i réimse na bhfísealaíon. Caithfear tús a chur leis na tionscadail in 2013. **Sraith 1: Tionscadail Saothair Nua** Is é cuspóir na Sraithe seo tacú le: • saothar nua dúshlánach, nuálach a chruthú D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha: • cuirtear ar chumas daoine saothar a chruthú a bhfuil riosca ealaíne ag baint leis; • déantar cleachtas comhoibritheach a chumasú • beartaítear corpas saothair a chur i gcrích chun é a chur i láthair an phobail **Sraith 2: Tionscnaimh Lucht Féachana** Is é cuspóir na Sraithe seo tacú le: • tionscnaimh uaillmhianacha ar ardchaighdeán ina ndírítear ar ábhar a chur i láthair do lucht féachana nó a chothaíonn rannpháirtíocht san fhoirm ealaíne, agus/nó; • tograí trína bhfoilsítear ábhar faoi fhísealaíontóirí nó faoi na físealaíona a bheadh dírithe ar lucht féachana D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha: • tograí ina ndéantar iarracht lucht féachana a fhorbairt do na físealaíona le himeacht nó taispeántas aonuaire; • tograí lena gcuirtear ar chumas físealaíontóirí, grúpaí 'ad hoc' de dhaoine aonair, grúpaí stiúideo nó eagraíochtaí clár taispeántas nó imeachtaí a léiriú a théann i ngleic go criticiúil leis na caighdeáin reatha maidir le dáileadh, le taispeáint, agus le cur i láthair (suas le 12 mhí);
Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?	Tá an dámhachtain oscailte do dhaoine aonair, do chomharghnónna ealaíontóirí nó do ghrúpaí ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí. Tá an dámhachtain oscailte d'eagraíochtaí nach bhfaigheann maoiniú faoi phríomhchláir deontais ar bith de chuid na Comhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil), agus dóibh sin amháin. Tá eagraíochtaí ar cuireadh in iúl dóibh i scríbhinn go dtiocfaidh deireadh lena ndeontas athfhillteach ón gComhairle Ealaíon ar nó roimh an 31 Márta 2013 i dteideal iarratas a dhéanamh, áfach. Tá grúpaí stiúideo a fhaigheann maoiniú faoi Scéim Spás Oibre na bhFísealaíontóirí i dteideal iarratas a dhéanamh. Tá eagraíochtaí atá lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann i dteideal iarratas a dhéanamh; caithfidh a leithéid d'eagraíochtaí a thaispeáint, áfach, go

ndéanfar príomhthairbhe aon togra atá beartaithe a sheachadadh i bPoblacht na hÉireann.

Más mar dhuine aonair a dhéanfaidh tú iarratas, is gá gur rugadh i bPoblacht na hÉireann thú nó go bhfuil tú i do chónaí i bPoblacht na hÉireann.

Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Áirítear leo seo a leanas na daoine nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi phríomhchlár deontais ar bith den Chomhairle Ealaíon (Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta, Maoiniú Bliantúil, Deontas le haghaidh Clár Bliantúil).
- daoine atá i mbun oideachas fochéime nó iarchéime faoi láthair.

Céard ar féidir leat cur isteach air

Is í an dámhachtain is airde atá ar fáil ná €40,000. Ní thabharfar dámhachtain chomh mór sin ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

TABHAIR FAOI DEARA: Ní féidir leat iarratas ar thacaíocht a dhéanamh ach faoi shraith amháin den dámhachtain in aon bhabhta maoinithe ar leith. Ní mór duit an tsraith ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat a chur in iúl go soiléir ar d'fhoirm iarratais.

Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais a mheas a bhaineann go sainiúil le saothrú ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ina sonraítear na costais bhreise sin.

Céard nach féidir leat cur isteach air

Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain amháin do gach cineál tionscadail (in aon fhoirm ealaíne, in aon chleachtas ealaíon nó in aon sraith) in aon bhabhta maoinithe amháin. I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá:

- mórcheannacháin chaipitiúla;
- príomhchostais leanúnacha;
- gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana;
- gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, Cultúr Éireann san áireamh;
- gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas;
- gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí brabúsmhara go príomha;
- gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas;
- gníomhaíochtaí a bhfuil maoiniú faighte agat ina leith roimhe seo;
- catalóga.

Ábhar tacaíochta riachtanach

Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe faoin dámhachtain seo ní mór duit an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais:

Don dá shraith:

- CV reatha na ndaoine a bhfuil baint acu leis an togra;
- ráiteas ealaíontóirí nó ráiteas misin an ghrúpa (nuair is ábhartha);
- sampla de shaothair a rinneadh cheana lena n-áirítear na nithe seo a leanas, nuair a bhíonn a leithéid ábhartha:
    - deich ngrianghraf ar ardchaighdeán ar a mhéid mar aon le míniú orthu

- grianghraif de shuiteálacha i gcomhair saothar suiteáilte
- 3 shliocht 3 nóiméad do shaothar íomhánna gluaiste mar aon le míniú orthu
- suas le 3 shampla d'fhoilseacháin ábhartha (i bhformáid leictreonach amháin)

Do Shraith 2:

- Straitéis a ghabhann leis ina bpléitear margaíocht agus cur le rannpháirtíocht an lucht féachana (uasmhéid 2 leathanach A4). Ba cheart figiúirí lucht féachana réamh-mheasta agus straitéisí chun an méid sin a bhaint amach a áireamh leis sin.

Má tá obair le leanaí agus daoine óga i gceist le do thogra, ní mór duit ráiteas a sholáthar ina ndéantar cur síos ar do chód cleachtais maidir le leas agus cosaint leanaí.

TABHAIR FAOI DEARA – ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta cruachóipe. Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú.

Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na 3 chritéar seo a leanas:

- Fiúntas ealaíne
- Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh
- Indéantacht

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir i g**Cuid 3 – Measúnú agus Próiseáil**

Cuid 2 – D'iarratas a dhéanamh ar líne

Suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne

Ní mór gach iarratas a sheoladh isteach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon https://onlineservices.artscouncil.ie

Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh isteach ar líne trí shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais a chuirtear isteach ar an ríomhphost, ar an bpost, nó trí fhacs.

Ní mór ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne cé is moite d'eisceachtaí sonracha a bheidh liostaithe in áit éigin eile sna treoirlínte seo.

Tabhair faoi deara:

- Ba cheart duit cur amach a bheith agat ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh an tráthnóna deireanach ar an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.
- D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.
- Is iondúil go bhfaigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór fiosruithe agus glaonna teileafóin ar an spriocdháta le haghaidh maoinithe agus mar sin d'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat ag an nóiméad deireanach.

Má bhíonn aon deacrachtaí teicniúla agat am ar bith agus iarratas ar líne á dhéanamh agat is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cabhair a fháil trí ríomhtheachtaireacht a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Léigh Treoirlínte na Dámhachtana

Sula ndéanfaidh tú iarratas ní mór duit Treoirlínte na Dámhachtana a léamh ina n-iomláine.

Socraigh cé hé/hí an t-iarratasóir

Sula ndéanfaidh tú iarratas ní mór duit a chinneadh cé hé/hí an t-iarratasóir. Is é an t-iarratasóir an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon dámhachtain a thairgfear agus a bheidh freagrach as téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana sin a chomhlíonadh. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach n-íocfar aon dámhachtain a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá in ainm an iarratasóra.

Ag clárú i gcomhair cuntas seirbhísí ar líne

Caithfidh tú cuntas seirbhísí ar líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh ar líne.

Más rud é go ndearna tú iarratas ar mhaoiniú tar éis mhí Aibreáin 2010 agus go bhfuil tú ag déanamh iarratais faoin ainm céanna, beidh cuntas seirbhísí ar líne agat, agus gheobhaidh tú rochtain air le do ARN agus le do phasfhocal. Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, féadfaidh tú é a athshocrú tríd an nasc ar leathanach baile na seirbhísí ar líne agus ní bheidh le déanamh agat ach do ARN agus an seoladh ríomhphoist a bhaineann leis an gcuntas a chur isteach.

Mura ndearna tú iarratas ar líne le 2 bhliain anuas NÓ má tá tú ag déanamh iarratais thar ceann grúpa/eagraíochta nach ndearna iarratas ar líne roimhe seo, caithfidh tú **clárú** chun cuntas seirbhísí ar líne a fháil.

D'fhéadfadh sé suas le **5 lá oibre** a thógáil sula ndéanfar do chlárúchán a dhearbhú, mar sin tá sé an-tábhachtach go gclárófá chomh luath agus is féidir.

Má tharlaíonn sé ar chúiseanna eisceachtúla nach féidir leat an tIdirlíon ná suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon a úsáid nó má tá riachtanais speisialta rochtana agat, breathnóidh an Chomhairle Ealaíon ar chead a thabhairt duit d'iarratas a sheoladh isteach i gcruachóip. I gcás dá leithéid ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Ealaíon **ar a laghad 2 sheachtain roimh an spriocdháta.**

Riachtanais maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid	Caithfidh do ríomhaire agus an brabhsálaí Idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na seirbhísí ar líne duit: **Ríomhaire:** Windows XP nó níos déanaí le Internet Explorer 7.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 2.0 nó níos déanaí **Mac:** Mac – Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó níos déanaí NÓ Firefox 2.0 nó níos déanaí NB: Caithfidh tú Microsoft Word nó OpenOffice a bheith agat ar do ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Is bogearra saor in aisce é OpenOffice agus is féidir é a íoslódáil anseo: http://www.openoffice.org. Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.
Iarratas a dhéanamh ar líne	Seo a leanas an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar líne: 1. Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin, cláraigh ar líne ag https://onlineservices.artscouncil.ie agus déan nóta de d'uimhir ARN (uimhir thagartha ealaíne) agus do phasfhocal. 2. Roghnaigh an cineál cuí maoinithe. 3. Lean na leideanna agus líon isteach na réimsí riachtanacha. 4. Íoslódáil an fhoirm iarratais agus sábháil í ar do ríomhaire. 5. Comhlánaigh an fhoirm iarratais agus sábháil í. 6. Fill ar an suíomh ar líne, logáil isteach agus téigh go dtí do leathanach baile. 7. Brabhsáil chuig d'fhoirm iarratais agus uaslódáil í. 8. Brabhsáil chuig d'ábhar tacaíochta agus uaslódáil é. 9. Breathnaigh siar ar d'iarratas agus ar an liosta d'ábhar tacaíochta atá uaslódáilte agat – ní bheidh tú in ann aon rud a chur leis an iarratas ná é a leasú nuair a bheidh sé curtha isteach agat. 10. Brúigh an cnaipe 'Cuir isteach' (ní bhfaighimid d'iarratas go dtí go gcliceálfaidh tú ar 'Cuir isteach').
An fhoirm iarratais a úsáid	Is doiciméad Word í an fhoirm iarratais a íoslódálann tú ó shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne, a chomhlánaíonn tú ar do ríomhaire féin agus a uaslódálann tú arís sula gcuirfidh tú isteach d'iarratas. Tá formáidiú speisialta san fhoirm a ligeann don chóras ar líne an fhoirm a bhailíochtú nuair a uaslódáiltear í agus trína gcinntítear nach gcuirfidh tú isteach foirm nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán agat. Le linn duit a bheith ag obair leis an bhformáidiú seo **caithfidh** tú Microsoft Word nó OpenOffice a úsáid agus an treoir

ag tús/deireadh na foirme a leanúint.

Tá treoir chéim ar chéim againn maidir leis an bhfoirm a úsáid le OpenOffice agus is féidir í a íoslódáil anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/online-services.aspx#faq12

Cuirtear srian ar líon na gcarachtar (litreacha) is féidir a úsáid chun gach ceist a fhreagairt san fhoirm iarratais. Tá an teorainn carachtar luaite ar an bhfoirm iarratais in aice le gach ceist. Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil an teorainn socraithe i gcarachtair agus ní i bhfocail (cé go dtugtar teorainn garbh focal ar mhaithe le treoir a thabhairt) agus go n-áirítear spásanna sa teorainn carachtar.

Féach ar **Chuid 5** de Threoirlínte na Dámhachtana chun cúnamh a fháil maidir le hábhar d'fhoirme iarratais a ullmhú.

Ábhar tacaíochta a ullmhú agus a chur isteach

Caithfear ábhar tacaíochta a uaslódáil agus a chur isteach go leictreonach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon (cé is moite d'aon eisceacht atá liostaithe in áit éigin eile sna treoirlínte seo). Is féidir leat raon leathan ábhar a uaslódáil lena n-áirítear íomhánna, físeáin agus comhaid fuaime.

NB Tógann sé i bhfad níos faide ábhar a uaslódáil ná a íoslódáil. Má bhíonn tú ag uaslódáil comhaid mhóra díreach chuig seirbhísí ar líne nó chuig URL eile (féach ar 'Naisc Ghréasáin'), uaslódáil d'ábhar tamall maith roimh an spriocdháta lena chinntiú gur féidir leat d'ábhar a chur isteach in am.

Is é 20MB an teorainn iomlán maidir le gach ábhar a uaslódáiltear chuig an suíomh seirbhísí ar líne.

Glacfar leis na formáidí comhaid seo a leanas:

- comhaid íomhá – .jpg/.gif/.tiff/.png
- comhaid fuaime – .wav/.mp3/.m4a
- comhaid físe – Quicktime/.avi/.mov/.mp4
- téacschomhaid – .rtf/.doc/.docx/.txt
- Comhaid Adobe Reader – .pdf
- scarbhileoga .xls/.xlsx

Ní mór na comhaid ar fad a uaslódáiltear mar ábhar tacaíochta a ainmniú de réir mar is cuí. Ba cheart go gcuirfí in iúl le hainm an chomhaid cad atá sa chomhad nó cad a léiríonn sé. Mar shampla ba ceart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa doiciméad.

Nuair atá ábhar tacaíochta á chur isteach:

- Uaslódáil gach píosa den ábhar tacaíochta as féin, ag roghnú an chineál doiciméid iomchuí;
- Cuir isteach teideal an tsaothair in ainm an chomhaid má tá tú ag cur doiciméadúcháin maidir leis an saothar isteach;
- Cloígh le gach gnás ainmnithe comhaid atá leagtha amach i gCuid 1

Naisc Ghréasáin

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ag suíomhanna Gréasáin faoi leith seachas an t-ábhar a uaslódáil díreach chuig na seirbhísí ar líne. Ní dhéanfar measúnú ach ar ábhar atá á óstáil ag **http://www.youtube.com** nó **http://www.4shared.com** agus iad sin **amháin** (tabhair faoi deara go moltar d'iarratasóirí 4Shared amháin a úsáid chun nascadh le hábhar fuaime agus nach moltar é i gcás físeán). Ní fhéachfar ar ábhar atá á óstáil ar shuíomhanna Gréasáin eile. Chun do chuid nasc Gréasáin a chur isteach, cóipeáil an (nasc) URL don phíosa ábhair faoi leith, m.sh. físeán nó rian ceoil is mian leat a chur san áireamh, isteach i

ndoiciméad Word nó a chomhionann agus uaslódáil mar dhoiciméad tacaíochta 'naisc Ghréasáin' é.

Mura mian leat ábhar a uaslódálfaidh tú chuig YouTube ar mhaithe le d'iarratas a bheith le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú bratach a chur ar d'fhíseán mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe. Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/online-services.aspx#faq18.

Féach ar **Chuid 1** de Threoirlínte na Dámhachtana seo chun liosta a fháil den ábhar tacaíochta nach mór duit a uaslódáil le d'iarratas. Féach ar **Chuid 5** chun cúnamh a fháil maidir leis an ábhar tacaíochta a ullmhú.

Cur isteach in am

Dúnfar an córas seirbhísí ar líne d'iarratais ar an spriocdháta. Ní bheidh tú in ann ábhar a uaslódáil ná d'iarratas a chur isteach nuair a bheidh an spriocdháta caite. Ní dhéanfaidh an Chomhairle Ealaíon aon eisceacht maidir leis an riail sin.

An féidir liom cabhair a fháil le m'iarratas?

Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid is féidir leat ríomhtheachtaireacht a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid ar fáil sa rannóg Ceisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon http://www.artscouncil.ie/ga/fundInfo/funding_faqs.aspx

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos

Is féidir leat sruth tacaíochta Twitter na Comhairle Ealaíon maidir le seirbhísí ar líne a leanúint. Faigheann síntiúsóirí faisnéis maidir le spriocdhátaí maoinithe agus cinntí, agus cabhair maidir le seirbhísí ar líne. Is minic a dhéanann úsáideoirí eile Twitter ár dteachtaireachtaí a chur le Twitter arís. Féach: http://twitter.com/artscouncilhelp

Cuirimid nuashonruithe agus cabhair ar fáil anois maidir le seirbhísí ar líne a úsáid trínár leathanach Facebook nua. Tá fáilte romhat teachtaireacht a sheoladh chugainn tríd an leathanach má theastaíonn cúnamh uait le seirbhísí ar líne agus iarratas á dhéanamh agat ar Dhámhachtain Tionscadail: http://www.facebook.com/artscouncilireland

Má theastaíonn cúnamh uait le hábhar d'iarratais féach ar **Chuid 5 – Cabhair maidir le d'Iarratas.**

Má tá tuilleadh cabhrach **ginearálta** fós uait, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ag 01 6180200 nó ar an ríomhphost ag awards@artscouncil.ie.

Má tá riachtanais speisialta rochtana agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana ag 01 6180219.

Cuid 3 – Measúnú agus Próiseáil

Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

An próiseas

Déantar gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

- déantar an t-iarratas a admháil;
- déantar an t-iarratas a sheiceáil maidir le hincháilitheacht;
- déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú scríofa;
- molann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann cibé ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart;
- déanann an painéal piaraí na hiarratais go léir ar an ngearrliosta a bhreithniú agus a mheasúnú agus déanann siad moltaí;
- déanfaidh an Chomhairle an cinneadh a fhaomhadh;
- seoltar na cinntí i bhfoirm scríofa.

Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear na hacmhainní atá ar fáil san áireamh. Déantar gach iarratas a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas:

1. Fiúntas ealaíne
2. Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh
3. Indéantacht

1. Fiúntas ealaíne

Dhíreodh measúnú ar an bhfiúntas ealaíne ar an iarratasóir agus orthu siúd atá bainteach leis an tionscadal agus ar nádúr na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe, agus tharlódh go n-áireofaí leis, i measc eile, breathnú ar an méid seo a leanas:

- caighdeán an smaoinimh agus na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe de réir mar atá léirithe ar an bhfoirm iarratais;
- cuntas teiste an iarratasóra agus na n-ealaíontóirí a bhfuil baint acu leis an tionscadal faoi mar a thaispeántar é sa CV nó sna CVanna agus san ábhar tacaíochta eile a cuireadh isteach;
- acmhainn an iarratasóra, an ealaíontóra nó na n-ealaíontóirí agus an smaoinimh de réir mar atá léirithe san fhoirm iarratais agus san ábhar tacaíochta a cuireadh isteach;
- comhthéacs na foirme ealaíne/an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe;
- an uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe sa togra.

2. Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh

Dhíreodh measúnú faoin gcritéar seo ar thairbhe agus ar shuntasacht straitéiseach na gníomhaíochta atá beartaithe i leith an chuspóra shainráite, tosaíochtaí sonraithe agus aidhmeanna níos leithne na dámhachtana mar a leagtar síos iad i gCuid 1.

3. Indéantacht

Bhreathnófaí i measúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe a chur i gcrích. Chun é seo a dhéanamh d'fhéadfaí breathnú ar na nithe seo a leanas, ach ní orthu sin amháin -

- cuntas teiste na ndaoine a bhfuil baint acu leis an tionscadal a bhainistiú, a riar, agus a sholáthar;
- a mhéid a léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil coinníollacha agus luach saothair cothroma á soláthar do na healaíontóirí rannpháirteacha;
- a mhéid is atá comhpháirtithe tionscadail aitheanta páirteach nó tiomanta;
- an buiséad atá beartaithe;

- foinsí eile ioncaim;
- acmhainní eile atá ar fáil agus an teacht atá orthu;
- an clár ama nó an sceideal atá beartaithe.

Painéil phiaraí	Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun eolas a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. Bíonn beirt mholtóirí sheachtracha ar a laghad ar phainéil phiaraí de ghnáth agus saineolas acu ar an bhfoirm ealaíne nó ar an gcleachtas ealaíne a bhíonn i gceist. Bíonn comhairleoir nó ball d'fhoireann na Comhairle Ealaíon ar an bpainéal freisin ach gan vóta aige nó aici. Bíonn ball den Chomhairle Ealaíon, nach bhfuil vóta aige/aici, ina c(h)athaoirleach ar phainéal piaraí. Faigheann baill an phainéil faisnéis ábhartha maidir le gach iarratas ar an ngearrliosta roimh ré agus bíonn rochtain iomlán acu ar an ábhar ar fad a chuirtear isteach ar lá an mheasúnaithe.
Fráma ama	Déanann an Chomhairle Ealaíon dian-iarracht iarratais a mheasúnú chomh luath agus is féidir ach mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe tógfaidh sé timpeall 12 sheachtain ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh.
Cad a tharlóidh má bhronntar dámhachtain ort?	Cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Cuirfear ar an eolas thú freisin faoin bpróiseas trínar cheart duit do dhámhachtain a tharraingt anuas.
Cad a tharlóidh mura mbronntar dámhachtain ort?	Cuirfear in iúl duit i scríbhinn mura n-éireoidh le d'iarratas. Ar an drochuair, níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin. Mar gheall ar líon mór na n-iarratas, bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon.
Achomhairc agus gearáin	Má mheasann tú nár comhlíonadh nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an Nós Imeachta Achomharc agus Gearán, nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cóip den bhileog eolais faoi Achomhairc agus Gearáin a fháil.
An féidir liom iarratas a dhéanamh an athuair?	Má tá measúnú déanta ar d'iarratas agus murar éirigh leat dámhachtain a fháil, níl tú i dteideal iarratas a dhéanamh arís ar an ngníomhaíocht chéanna chuig aon dámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

Cuid 4 – Téarmaí agus Coinníollacha

- Trí iarratas a chur isteach, tá iarratasóirí ag deimhniú gur léigh siad agus gur thuig siad an fhaisnéis atá leagtha amach i dTreoirlínte na Dámhachtana seo.

- Ní mór gur rugadh iarratasóirí aonair i bPoblacht na hÉireann, nó go bhfuil siad ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann. Tá 'cónaitheacht' bunaithe ar shainmhíniú seo na gCoimisinéirí Ioncaim (ina gciallaíonn Éire Poblacht na hÉireann):
  Measfar thú a bheith i do chónaí in Éirinn, in aon bhliain ar leith, i gceachtar den dá chás seo a leanas:
  - Má chaitheann tú 183 lá nó níos mó in Éirinn i mbliain féilire amháin (1 Eanáir – 31 Nollaig) NÓ
  - Má chaitheann tú 280 lá nó níos mó in Éirinn thar dhá bhliain i ndiaidh a chéile. Sa chás seo measfar tú a bheith i do chónaí ann sa dara bliain díobh. Le go mbeadh an coinníoll seo infheidhmithe caithfidh tú 30 lá ar a laghad a chaitheamh in Éirinn i ngach ceann den dá bhliain chánach.

  Samplaí:
  1. Má chaitheann tú 140 lá i bPoblacht na hÉireann sa chéad bhliain agus 150 lá sa dara bliain, meastar go bhfuil tú i do chónaí anseo sa dara bliain.
  2. Má chaitheann tú 365 lá i bPoblacht na hÉireann sa chéad bhliain agus 10 lá sa dara bliain, meastar nach bhfuil tú i do chónaí anseo sa dara bliain.

  Níl daoine a chónaíonn i dTuaisceart Éireann i dteideal iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain mura rugadh i bPoblacht na hÉireann iad.

- Measfar gur iarratas neamhbhailí é d'iarratas agus seolfar ar ais chugat é sna cásanna seo a leanas:
  - Fuarthas d'iarratas nó d'ábhar tacaíochta go déanach;
  - Níor úsáid tú suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne chun d'fhoirm iarratais nó do chuid ábhair tacaíochta a chur isteach
  - Níor chomhlánaigh tú an fhoirm iarratais ina hiomláine;
  - Níor chuir tú an t-ábhar tacaíochta ar fad a bhí riachtanach isteach in éineacht le d'iarratas;
  - Níl an ghníomhaíocht atá beartaithe nó na costais a bhfuil tú ag déanamh iarratais ina leith oiriúnach do chuspóir nó d'fheidhm na dámhachtana.

- Bronntar gach dámhachtain de réir na gcistí atá le fáil, agus tá siad go léir faoi réir teorainneacha éagsúla. D'fhéadfaí dámhachtainí a choimeád siar nó a roinnt idir iarratasóirí de réir mar a thograíonn an Chomhairle Ealaíon.

- Is idir an Chomhairle agus an t-iarratasóir féin a bheidh gach comhfhreagras, mura socrófar a mhalairt.

- Déantar aon chúnamh airgeadais a thairiscint ar bhonn na bpleananna atá léirithe san iarratas, agus caithfear aon athruithe ar na pleananna nó ar an mbuiséad a chur in iúl láithreach má théann siad i bhfeidhm go hábhartha ar an mbonn sin nó mura gcloíonn siad le téarmaí na tairisceana. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart a tairiscint a athbhreithniú i gcás dá leithéid.

- Cuirfear coinníollacha na tairisceana agus na céimeanna a chaithfear a ghlacadh d'fhonn maoiniú a tharraingt anuas in iúl d'iarratasóirí rathúla.

- Beidh ar iarratasóirí a gcuid íocaíochtaí agus seoladh isteach an ábhair chuí a bhainistiú ar shuíomh Gréasáin sheirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon.

- Beidh ar iarratasóirí rathúla cruthúnas ar a gcuntas bainc a sholáthar.

- Ní mór d'iarratasóirí a fhaigheann €10,000 nó níos mó a bheith in ann a léiriú go bhfuil deimhniú imréitigh cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim acu in ainm an ealaíontóra ar ar bronnadh an

dámhachtain. Is féidir deimhnithe imréitigh cánach a iarraidh ar líne ag www.revenue.ie. Ní gá deimhniú imréitigh cánach a chur isteach le d'iarratas. Má éiríonn le d'iarratas, áfach, beidh sé riachtanach na sonraí ábhartha a sholáthar chun íocaíocht a fháil.

- Íocfar iarratasóirí rathúla trí aistriú bainc amháin. Ní eisíonn an Chomhairle Ealaíon seiceanna.

- Ní íocfar dámhachtainí ach isteach i gcuntas bainc in ainm an iarratasóra ar ar bronnadh an dámhachtain.

- Caithfidh iarratasóirí a n-éireoidh leo tuairisciú ar úsáid a ndámhachtana agus admhálacha a sholáthar, de réir mar is cuí. Cuirfear foirm thuairiscithe ar fáil chun na críche sin. Ní mór an fhoirm thuairiscithe a sheoladh isteach in éineacht le d'iarratas chun an tráthchuid dheireanach de do mhaoiniú a fháil.

- Beidh ar na hiarratasóirí rathúla cuntas ioncaim agus caiteachais i leith an tionscadail a sheoladh isteach, agus é deimhnithe ag an té ar bronnadh an dámhachtain air nó uirthi go bhfuil sé ceart, sula n-íocfar an tráthchuid dheireanach leo. Sa chás ina bhfuil an dámhachtain cothrom le €25,000 nó os cionn na suime sin, ní mór d'iniúchóir cleachtach nó do chuntasóir cleachtach an cuntas ioncaim agus caiteachais a dheimhniú.

- Ní mór d'iarratasóirí a n-éireoidh leo aon mhaoiniú a dhámhtar a tharraingt anuas agus a chaitheamh laistigh de bhliain amháin ó fhógra na dámhachtana.

- Caithfidh na hiarratasóirí rathúla tacaíocht na Comhairle Ealaíon a admháil i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann lena saothar sa stíl agus ar an mbealach a leagtar síos i dtreoirlínte na Comhairle Ealaíon maidir le maoiniú a admháil. Tá na treoirlínte sin ar fáil sa rannóg maidir le maoiniú a admháil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/logo-guide.aspx. Déanfar monatóireacht ar chomhlíonadh leis na rialacha maidir le maoiniú a admháil ar feadh shaolré gach tionscadail a mhaoinítear. Is sárú é neamhchomhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar íocaíochtaí amach anseo agus ar mhaoiniú amach anseo. Coimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart cóipeanna de gach cumarsáid phoiblí a ullmhaíonn faighteoir na dámhachtana a iarraidh.

- Ní mór d'iarratasóirí a sholáthraíonn cláir do leanaí agus do dhaoine óga a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta imleora maidir le cosaint agus leas leanaí i bhfeidhm acu. Má bhaineann d'iarratas ar mhaoiniú le hobair le leanaí agus le daoine óga ní mór duit cóip de do bheartas agus nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí a sholáthar le do dhoiciméadúchán tacaíochta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar na Treoirlínte um Chosaint agus Leas Leanaí agus Daoine Óga in Earnáil na nEalaíon: http://www.artscouncil.ie/Publications/ChildGuidelinesIrish.pdf). Tá cód cleachtais sainiúil do chleachtóirí aonair ar fáil chomh maith: http://www.artscouncil.ie/Publications/Solo.pdf

- Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil ainmhithe beo á n-úsáid ina gcuid gníomhaíochtaí fianaise a chur isteach go bhfuiltear ag cloí le Creatlach um Leas Ainmnithe na Comhairle Ealaíon atá ar fáil ar rannóg na bhfoilseachán de shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon http://www.artscouncil.ie/Publications/AC_Animal_Framework_ENG_Web.pdf

- Féadfar go ndéanfar dámhachtainí a thairiscint lena ngabhann sainchoinníollacha breise.

- Ní bheidh iarratasóirí a bhfuil Dámhachtain Tionscadail acu i dteideal cúnamh deontais a fháil trí aon cheann de na cláir deontais seo a leanas: Eagraíochtaí a Mhaoinítear Go Rialta; Maoiniú Bliantúil; Deontas le haghaidh Clár Bliantúil, le linn ré na Dámhachtana Tionscadail sin.

- Forchoimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart di féin sonraí ábhartha maidir le faighteoirí agus dámhachtainí a fhoilsiú, lena n-airítear ainmneacha na bhfaighteoirí, méid na dámhachtana a

tairgeadh agus achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe.

- Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an fhaisnéis a thugtar don Chomhairle Ealaíon a nochtadh de thoradh iarratais a dhéanfaí faoi bhun na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Coinnítear an fhaisnéis a thugtar ar Chóras Faisnéis Bhainistíochta na Comhairle. Déanfar gach iarracht rúndacht cliant a chosaint.

Cuid 5 – Cabhair maidir le d'Iarratas

Léigh Treoirlínte na Dámhachtana

Sula ndéanfaidh tú iarratas ní mór duit Treoirlínte na Dámhachtana a léamh ina n-iomláine.

Cabhair maidir le d'fhoirm iarratais a chomhlánú

Ba cheart na nótaí cabhrach seo a léamh in éineacht leis an bhfoirm iarratais. Baineann na codanna uimhrithe thíos leis na codanna uimhrithe ar an bhfoirm iarratais.

Ar an bhfoirm iarratais, iarrtar ort breac-chuntas a thabhairt ar a bhfuil tú ag iarraidh a dhéanamh, cé mhéad a chosnóidh sé agus cé mhéad maoiniú a theastóidh uait. Iarrtar ort san fhoirm iarratais freisin a mhíniú cén chaoi a measann tú go gcomhlíonann do thogra critéir mheasúnaithe na dámhachtana, agus tá spás inti inar féidir leat na príomhdhátaí nó na príomhghníomhaíochtaí a shonrú agus aon eagraíocht nó aon duine a bhfuil baint acu le do thogra a lua.

Cuid 1 – An Dámhachtain

1.1 Iarrtar ort i gcuid 1.1 den fhoirm iarratais tic a chur i mbosca le dearbhú gur léigh tú Treoirlínte na Dámhachtana.

1.2 Iarrtar ort i gcuid 1.2 den fhoirm iarratais na foirmeacha ealaíne nó na cleachtais ealaíon a bhaineann le d'iarratas a shonrú. I mórán cásanna is dócha nach gá ach tic a chur i mbosca amháin ach d'fhéadfadh níos mó ná sin a bheith i gceist i gcásanna áirithe. Níor cheart duit foirm ealaíne nó cleachtas ealaíon a roghnú ach amháin má léiríonn siad gné shuntasach de na gníomhaíochtaí atá sonraithe i d'iarratas. Má roghnaítear níos mó ná bosca amháin, ní thabharfar tosaíocht níos mó nó níos lú do d'iarratas. Ná cuir tic i níos mó ná 3 bhosca.

1.3 Ní bhaineann Cuid 1.3 den fhoirm iarratais ach amháin le hiarratasóirí atá ag cur isteach ar dhámhachtainí áirithe mar a aithnítear ar an bhfoirm. Má tá an dámhachtain a bhfuil tú ag cur isteach uirthi roinnte ina sraitheanna éagsúla, caithfidh tú a thabhairt le fios anseo an tsraith a bhfuil tú ag déanamh iarratais uirthi. Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ach ar shraith amháin. Féach ar **Chuid 1** de Threoirlínte na Dámhachtana chun cur síos a fháil ar gach sraith.

1.4 I gCuid 1.4 den fhoirm iarratais, iarrtar ort cur síos gairid a dhéanamh ort féin agus breac-chuntas a thabhairt ar do chuid éachtaí is déanaí i réimse na healaíne. Eagraíochtaí nua gan cuntas teiste ar bith nó gan mórán cuntas teiste acu, d'fhéadfadh siad an cheist seo a fhreagairt trí dhíriú ar an taithí atá ag baill aonair na heagraíochta. Má tá iarratas á dhéanamh agat mar iarratasóir aonair thar ceann grúpa níos leithne, inis dúinn fút féin chomh maith leis an ngrúpa.

Cuid 2 – An Togra

2.1 I gcuid 2.1 den fhoirm iarratais fiafraítear díot an bhfuil teideal agat ar do thogra. D'fhéadfadh teideal an imeachta, an léiriúcháin, an tsaothair srl a bheith i gceist. Mura bhfuil teideal agat, is féidir an chuid sin a fhágáil bán.

2.2 I gcuid 2.2 den fhoirm iarratais iarrtar ort 3 phointe ghearra a thabhairt ag cur síos ar do thogra.

2.3 I gcuid 2.3 den fhoirm iarratais iarrtar ort cur síos iomlán a dhéanamh ar do thogra. Cabhróidh sé seo leis na daoine a bheidh páirteach i measúnú a dhéanamh ar d'iarratas tuiscint a fháil ar scóip iomlán do thogra. Tá sé an-tábhachtach go dtabharfá cur síos iomlán, ó gach taobh de, agus nach

ndíreoidh tú ar na gnéithe ealaíonta amháin den méid a bheartaíonn tú. Ní mór duit conas, cén uair, cén áit, cén fáth, cé srl. a fhreagairt freisin.

Braithfidh an méid a chuirfidh tú san áireamh i do chur síos ar chineál na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. D'fhéadfadh sé na nithe seo a leanas a áireamh, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin:

- míniú praiticiúil ar an tionscadal, .i. céard a tharlóidh, cén uair a tharlóidh sé, conas a tharlóidh sé, cé a bheidh rannpháirteach ann;
- na spriocanna agus na huaillmhianta ealaíonta;
- na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo, .i. cé a bhainfidh tairbhe as agus conas;
- an comhthéacs ina bhfuil an togra á mholadh;
- sceideal de phríomhchéimeanna an tionscadail;
- faisnéis maidir le príomhpháirtithe nó comhoibrithe agus a gcuid ról;
- aon sonraí riaracháin ábhartha breise;
- aon sonraí teicniúla ábhartha breise;
- aon sonraí airgeadais ábhartha breise.

2.4 Iarrtar ort i gcuid 2.4 den fhoirm iarratais a mhíniú cén chaoi, dar leat, a gcomhlíonann do thogra critéir mheasúnaithe na dámhachtana ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat. Chun critéir mheasúnaithe na dámhachtana a thuiscint ba cheart duit Treoirlínte na Dámhachtana a léamh go cúramach, go háirithe **Cuid 1**: **Faisnéis faoin Dámhachtain** agus **Cuid 3: Measúnú agus Próiseáil.**

2.5 I gcuid 2.5 den fhoirm iarratais iarrtar ort ealaíontóirí eile, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a ainmniú a bhfuil baint acu le do thogra. Níor cheart duit ach na daoine sin a bhfuil páirt shuntasach acu i do thogra a ainmniú. D'fhéadfaí go n-áireofaí leo sin an t-ionad ina mbeidh an ghníomhaíocht atá beartaithe ar siúl, na príomhealaíontóirí a mbeidh baint acu léi, príomhpháirtithe, pearsanra lárnach riaracháin srl. Is féidir leat cur síos gearr a dhéanamh ar an bhfoirm seo ar an gcaoi ina mbeidh baint ag na páirtithe seo ar fad leis an tionscadal atá beartaithe.

2.6 I gcuid 2.6 den fhoirm iarratais, iarrtar ort príomhghníomhaíochtaí, príomhdhátaí nó príomhláithreacha a shonrú a bhaineann le do thogra. D'fhéadfaí na céimeanna pleanála tábhachtacha a shonrú anseo nó liosta a dhéanamh de na dátaí ar a mbeidh seoladh, imeacht, nó taibhiú srl ar siúl.

Cuid 3 – Buiséad

3.1 Iarrtar ort i gcuid 3.1 den fhoirm iarratais an caiteachas a bhaineann le do thogra a shonrú. Ba cheart duit Treoirlínte na Dámhachtana a léamh, go háirithe **Cuid 1. Faisnéis faoin Dámhachtain**, le feiceáil cén caiteachas atá incháilithe mar chuid den dámhachtain (tabhair faoi deara gur ceanglas riachtanach é i gcás roinnt dámhachtainí buiséad mionsonraithe a chur isteach in éineacht leis an doiciméadúchán tacaíochta). Cuimhnigh gur féidir leat caiteachas a íocfar i bhfoirm 'comhchineáil' a aithint freisin, ach bí cinnte go léirítear é sin i gcuid ioncaim do bhuiséid freisin. Is féidir fíor-luach an tionscadail a léiriú trí ranníocaíochtaí comhchineáil a aithint, ach ní mór na ranníocaíochtaí sin a bheith inchosanta. Mar shampla, is féidir an t-am a chuireann oibrithe deonacha ar fáil a thaifead mar chostas. Tabhair faoi deara, áfach, nach féidir an t-am a chuireann stiúrthóirí cuideachta ar fáil a mheas mar ranníocaíocht comhchineáil.

3.2 Iarrtar ort i gcuid 3.2 den fhoirm iarratais an t-ioncam ar fad a bhaineann le do thogra a thabhairt le fios (seachas an t-ioncam a bhfuil tú ag súil a fháil ón

gComhairle Ealaíon). Má tá ioncam agat ó fhoinsí eile atá á chur go sainiúil i dtreo chostas na ngníomhaíochtaí atá sonraithe i dtogra do thionscadail, ba cheart duit an t-ioncam sin a lua ansin. Ní gá duit ioncam eile a lua ach amháin má bhaineann sé le do thogra agus má oireann sé dó. D'fhéadfaí meastacháin ar dhíolacháin ticéad, maoinitheoirí eile, urraíocht srl a áireamh anseo. Is féidir leat tacaíocht chomhchineáil a lua anseo. Ní mór duit a chinntiú, áfach, go léireoidh tú luach na tacaíochta comhchineáil sin i gcuid an chaiteachais freisin ionas go mbeidh do bhuiséad ar comhardú.

3.3 Iarrtar ort i gcuid 3.3 den fhoirm iarratais an tsuim atá á hiarraidh agat ar an gComhairle Ealaíon a lua. Ba cheart an tsuim atá á hiarraidh agat a bheith cothrom leis an gcaiteachas iomlán lúide ioncam ar bith a luaigh tú a rachaidh i dtreo chostas an togra. Tá sé fíorthábhachtach gurb ionann na figiúirí sin. Má tá neamhréir sna figiúirí ní bheidh an Chomhairle Ealaíon in ann d'iarratas a mheasúnú i gceart. Tá sé fíorthábhachtach go luafaidh tú go soiléir an tsuim atá á hiarraidh agat ar an gComhairle Ealaíon. Ní féidir leis an gComhairle Ealaíon airgead a bhronnadh mura bhfuiltear tar éis suim áirithe a iarraidh. Ní féidir leat níos mó airgid ná mar a theastaíonn uait a iarraidh .i. suim níos mó ná an caiteachas atá aitheanta agat don togra. Ba cheart duit cuimhneamh freisin ar uasleibhéal an deontais atá ar fáil le haghaidh na dámhachtana.

Cabhair maidir le d'ábhar tacaíochta

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. Is cuid ríthábhachtach de d'iarratas é an t-ábhar tacaíochta. Cuideoidh ábhar tacaíochta atá ábhartha, soiléir agus beacht leis na measúnóirí do thogra a thuiscint.

Mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta d'iarratas a mheasúnú.

Féach **Cuid 1** de threoirlínte na dámhachtana seo faoin gceannteideal 'Ábhar tacaíochta riachtanach**'** chun liosta a fháil de na hábhair tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas.

Féach **Cuid 2** de threoirlínte na dámhachtana seo faoin gceannteideal 'Ábhar tacaíochta a ullmhú agus a chur isteach**'** chun faisnéis theicniúil a fáil maidir le conas d'ábhar tacaíochta a chur ar fáil.

Is gá CV a bheith in éineacht le gach iarratas. Caithfear CV iomlán nó CVanna iomlána a sholáthar seachas beathaisnéisí gairide. Ba cheart obair nó scileanna ábhartha a shonrú i ngach CV, m.sh. faisnéis faoi shaineolas ar réimse oibre ar leith, nó faisnéis faoi thaispeántais, faoi thaibhléirithe nó faoi thaifeadtaí. Níor cheart aon CV a bheith níos faide ná trí leathanach A4.

Má tá ceol nó ábhar fuaime á chur isteach agat, sonraigh, le do thoil, ainmneacha na dtaibheoirí agus na huirlisí nuair is cuí.

Má tá tú ag cur isteach grianghraif amhairc, déan cinnte le do thoil go mbeidh na híomhánna lipéadaithe i gceart agus go mbeidh faisnéis ábhartha iontu maidir leis an gcomhthéacs. D'fhéadfadh sonraí a bheith i gceist maidir le teideal agus dáta na saothar, le meáin agus toisí, leis an áit ar cuireadh saothar i láthair srl.

Má tá saothar íomhánna gluaiste á chur isteach agat, tabhair aon fhaisnéis chomhthéacsúil ábhartha le do thoil. D'fhéadfadh sonraí a bheith i gceist leis sin faoin saothar, dáta, tráchtaireacht ghinearálta nó tráchtaireacht ar théama an tsaothair, an áit ar cuireadh i láthair é, ainm na dtaibheoirí, conas a maoiníodh an saothar (m.sh. dámhachtain, féinmhaoiniú). Ba cheart píosaí fada a chur in eagar; níor cheart níos mó ná 3 shliocht a chur isteach.

Comhairle ghinearálta

Botúin choitianta atá le seachaint agus ábhair ina ndéantar cleachtas ealaíon a dhoiciméadú á gcur isteach:

- gan léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbaineann na hábhair le d'iarratas;
- cur síos neamhiomlán ar shaothair nó droch-lipéadú orthu – cuireann sé seo mearbhall ar dhuine maidir le toisí, meáin agus comhthéacs;
- gan aon sampla de do shaothar féin a thabhairt;
- an iomarca faisnéise nach bhfuil ábhartha (m.sh. an iomarca léirmheasanna). Roghnaigh go cúramach na hábhair a sholáthróidh tú. B'fhearr sampla ardchaighdeáin amháin a sholáthar ná cuid mhór ábhar nach bhfuil chomh maith sin agus nach bhfuil ábhartha;
- easpa faisnéise. Ní bheidh bunús ar bith ag na measúnóirí chun moladh a dhéanamh;
- samplaí de sheansaothar. Tá spéis ag measúnóirí i do shaothar úrnua nó i do shaothar reatha.

Comhairle ghinearálta eile nach mór a áireamh agus iarratas á dhéanamh agat:

- déan d'iarratas a phleanáil tamall maith roimh ré;
- léigh Treoirlínte na Dámhachtana go cúramach sula dtosóidh tú ag ullmhú iarratais;
- cuimhnigh go mbeidh roinnt daoine páirteach i gcinneadh a dhéanamh faoi d'iarratas – mar sin bíodh d'iarratas soiléir, gonta, gan athbhrí;
- ná glac leis go bhfuil aithne ag na measúnóirí ortsa ná ar do shaothar. Líon isteach gach iarratas amhail is dá mba do chéad cheann é;
- bíodh tuiscint shoiléir réadúil agat ar a bhfuil uait agus ar chostas do thogra;
- roghnaigh go cúramach na hábhair tacaíochta atá le soláthar agus déan deimhin de go gcuimseoidh tú na rudaí riachtanacha;
- iarr ar dhuine eile súil a chaitheamh ar d'iarratas sula seolfaidh tú isteach é.